01 Samhain 2025

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Nósanna imeachta maidir le Gearán faoi Mhúinteoir Cláraithe a Láimhseáil le Coiste Imscrúdaithe na Comhairle Múinteoireachta

Samhain 2025

**INNÉACS**


| | | Leathanaigh |
|---|---|---|
| 1 | Intreoir | 3 |
| 2 | An Coiste Imscrúdaithe | 3-4 |
| 3 | Gearáin | 4-7 |
| 4 | Athbhreithniú an Stiúrthóra | 7-9 |
| 5 | Breithniú ag an gCoiste Imscrúdaithe | 9-13 |
| 6 | Ginearálta | 13-14 |

## 1 Intreoir

1.1 Leagtar amach sna nósanna imeachta seo a leanas ("na Nósanna Imeachta") conas a láimhseálfar gearán chuig Coiste Imscrúdaithe na Comhairle Múinteoireachta ("an Coiste").

1.2 Tá na Nósanna Imeachta bunaithe ar Chuid 5 den Acht um Chomhairle Múinteoireachta 2001, arna leasú ("an tAcht"), agus go háirithe alt 42. Tá na Nósanna Imeachta fo-ordaithe leis an Acht agus ní mór iad a léamh i gcomhar leis an Acht.

## 2 An Coiste Imscrúdaithe

2.1 Tá 11 chomhalta den Chomhairle ar an gCoiste. Cinntear an bhallraíocht de réir alt 27 den Acht.

2.2 Is é Leas-Chathaoirleach na Comhairle Cathaoirleach an Choiste. Mura mbeidh Cathaoirleach an Choiste ar fáil le bheith i láthair ag cruinniú den Choiste ar fad nó ag cuid de, toghfaidh siad siúd a bheidh i láthair ag an gcruinniú cathaoirleach gníomhach a ghníomhóidh mar chathaoirleach fad nach mbeidh Cathaoirleach an Choiste ar fáil.

2.3 Is é ról an Chathaoirligh a bheith ina c(h)omhalta den Choiste, agus cathaoirleacht a dhéanamh ar imeachtaí an Choiste agus gearán á bhreithniú. Cinnteoidh an Cathaoirleach go ndéanfar breithniú ar gach gearán de réir an Achta agus na Nósanna Imeachta, de réir nósanna imeachta córa, agus de réir leas an phobail.

2.4 Féachfaidh an Cathaoirleach lena chinntiú go ndéanfar cinntí ar bhonn comhdhearcaidh. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar cinntí ar bhonn tromlach simplí na ndaoine atá i láthair agus a vótálfaidh. I gcás vóta ceangailte, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gCathaoirleach (nó ag an duine a bheidh i gceannas in éagmais an Chathaoirligh).

2.5 Is é seisear comhaltaí is córam do chruinniú den Choiste, is é sin tromlach na ballraíochta iomláine dá bhforáiltear in alt 27 den Acht.

2.6 Bíonn cruinnithe an Choiste ar siúl go príobháideach agus beidh an gCoiste, foireann ábhartha na Comhairle Múinteoireachta, agus comhairleoir/comhairleoirí dlí don Choiste i dteideal a bheith i láthair.

2.7 Tacóidh foireann na Comhairle Múinteoireachta leis an gCoiste, agus beidh siad freagrach as cúrsaí riaracháin agus a thacóidh le feidhmiú an Choiste. Tabharfar Cásoifigigh ar chuid de na baill foirne seo, a dhéanfaidh gearáin a bhainistiú ar an mbealach a ordóidh an Coiste.

2.8 Cuirfidh comhaltaí an Choiste a bheidh i láthair ag cruinniú chun gearán a bhreithniú faisnéis ar fáil don rúnaíocht maidir le haon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann. Sa chás go dtagann coinbhleacht leasa chun cinn, ní ghlacfaidh an comhalta lena mbaineann páirt i mbreithniú an ghearáin agus fágfaidh sé/sí cruinniú an Choiste fad a bheidh an gearán á bhreithniú.

2.9 Féadfaidh comhairleoir dlí a bheith i láthair ag an gCoiste ag aon chéim dá imeachtaí mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta seo. Féadfaidh an comhairleoir sin comhairle agus cúnamh dlí a sholáthar don Choiste agus don rúnaíocht, maidir le haon ghné de bhreithniú an Choiste ar ghearán.

2.10 Ní fhéadfaidh comhalta den Choiste suí ar an gCoiste Araíonachta agus a mhalairt.

## 3 Gearáin

3.1 Féadfaidh duine (an Chomhairle san áireamh) gearán a dhéanamh leis an gCoiste Imscrúdaithe faoi mhúinteoir cláraithe.

3.2 Is éard a bheidh i ngearán faoi alt 42(1) den Acht:

a) i scríbhinn,
b) sínithe ag an ngearánach, agus
c) in éineacht le cibé doiciméid agus faisnéis a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don ghearán.

3.3 Leagtar amach in alt 42(1) den Acht na forais chun gearán a dhéanamh leis

an gCoiste Imscrúdaithe i ndáil le múinteoir cláraithe, mar seo a leanas:

a) gur mhainnigh sé nó sí, nó gur sháraigh sé nó sí, aon fhoráil den Acht, an Acht Oideachais 1998, an Acht Oideachais (Leas) 2000, an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 2004, an Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013, nó le haon rialacháin, rialacha nó orduithe arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin a chomhlíonadh,

b) gurb ionann a iompar nó a hiompar agus mí-iompar gairmiúil,

c) drochfheidhmíocht ghairmiúil,

d) gur ghlac sé nó sí páirt iompair contrártha do chód iompair ghairmiúil arna bhunú ag an gComhairle faoi alt 7(2)(b) den Acht,

e) go bhfuil a chlárú nó a clárú earráideach mar gheall ar dhearbhú nó mífhaisnéis atá bréagach nó calaoiseach;

f) go bhfuil sé nó sí mí-oiriúnach chun múineadh ó thaobh leighis de,

g) gur ciontaíodh é nó í sa Stát i gcion is intriailte ar dhíotáil nó gur ciontaíodh é nó í lasmuigh den Stát i gcion arb é atá ann gníomhartha nó neamhghníomhartha a bheadh, dá ndéanfaí sa Stát iad, ina gcion is intriailte ar dhíotáil,

h) gur mhainnigh sé nó sí gealltanas a chomhlíonadh nó aon ghníomh sonraithe a dhéanamh a shonraítear mar fhreagra ar iarraidh faoi alt 43(6) den Acht.

3.4 Ní mhíníonn an tAcht cad is mí-iompar gairmiúil ag múinteoir cláraithe ann. Mar sin féin, cuimsíonn Cód Iompair Ghairmiúil na Comhairle Múinteoireachta do Mhúinteoirí an sainmhíniú seo a leanas:

*Iompar náireach nó mí-ionraic le linn thréimhse gairme an chláraithe, nó aon ní eile seachas sin le linn thréimhse gairme an mhúinteora chláraithe más rud é go bhfuil an t-iompar chomh tromchúiseach sin go bhféadfaí míchlú a tharraingt ar ghairm na múinteoireachta.*

3.5 Sainmhínítear drochfheidhmíocht ghairmiúil san Acht mar seo a leanas:

*..mainneachtain ag an múinteoir cláraithe na caighdeáin inniúlachta a chomhlíonadh (cibé acu ó thaobh eolais, scile nó cur i bhfeidhm eolais agus scile nó an dá rud) ar féidir a bheith ag súil leis go réasúnta ó mhúinteoir cláraithe.*

3.6 Chun gearán a chur faoi bhráid an Choiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin, ní mór na hábhair a ndéantar gearán fúthu a bheith tromchúiseach.

3.7 Féadfaidh an Coiste gearán a bhaineann le haon cheann de na forais ag (a), (e) nó (g) de mhír 3.3 thuas a bhreithniú d'ainneoin gur tharla an t-ábhar lena mbaineann an gearán roimh thosach feidhme Chuid 5 den Acht.

3.8 Ina theannta sin, féadfaidh an Coiste gearán a bhreithniú ar fhoras mí-iompair ghairmiúil (féach (b) de mhír 3.3 thuas) d'ainneoin gur tharla an t-iompar ba chúis leis an ngearán roimh thosach feidhme Chuid 5 den Acht, i gcás inar tharla an t-iompar sin:

a) a bheadh ina chion coiriúil an tráth a tharla an t-iompar; agus

b) atá de chineál a thabharfadh le réasún imní *bona fide* go bhféadfaidh an múinteoir -
   i. dochar[1] a dhéanamh d'aon leanbh nó do dhuine leochaileach[2],
   ii. dochar a dhéanamh d'aon leanbh nó duine leochaileach,
   iii. aon leanbh nó duine leochaileach a chur i mbaol díobhála,
   iv. iarracht a dhéanamh dochar a dhéanamh d'aon leanbh nó

[1] ciallaíonn "dochar" i ndáil le duine, dúshaothrú nó mí-úsáid, bíodh sé fisiciúil, gnéasach nó mothúchánach, ar an duine mar a shainmhínítear san Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012 (arna leasú)

[2] Ciallaíonn duine leochaileach duine, seachas leanbh, a—

a. atá ag fulaingt ó neamhord intinne, cíbe acu an é mar thoradh ar mheabhairghalar nó néaltrú, nó
b. atá faoi mhíchumas intleachta, nó
c. atá ag fulaingt ó mháchail fhisiceach, cíbe acu an é mar thoradh ar ghortú, tinneas nó aois, nó
d. atá faoi mhíchumas fisiceach de chineál nó de mhéid is cúis—
   (i) chun srian a chur le cumas an duine é féin nó í féin a chosaint ar dhíobháil ó dhuine eile, nó
   (ii) go n-éilíonn an duine cúnamh le gníomhaíochtaí maireachtála laethúla, lena n - áirítear gléasadh, ithe, siúl, níochán agus folcadh.

duine leochaileach, nó

v. duine eile a ghríosú chun dochar a dhéanamh d'aon leanbh nó do dhuine leochaileach.

3.9 Déanfaidh Cásoifigeach gach gearán a bhainistiú (dá ngairtear "an Cásoifigeach" anseo feasta) agus admhóidh siad go bhfuarthas gach gearán agus deimhneoidh siad leis an ngearánach má tá gearán á dhéanamh acu, mura bhfuil sé sin ráite go soiléir cheana féin.

## 4 Athbhreithniú an Stiúrthóra

4.1 Déanfaidh an Stiúrthóir, nó aon fhostaí de chuid na Comhairle a bhfuil an fheidhm seo tarmligthe ag an Stiúrthóir chuige, (dá ngairtear "an Stiúrthóir" anseo feasta) athbhreithniú ar an ngearán agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choiste é, mura rud é:

a) nach gcomhlíonann siad na ceanglais faoi mhír 3.2 thuas, nó

b) go measann an Stiúrthóir gur gearán baoth, cráiteach é, go ndéantar é de mheon mímhacánta nó gur mí-úsáid phróisis é,

Sa chás sin, féadfaidh an Stiúrthóir diúltú gearán a tharchur.

4.2 Má dhiúltaíonn an Stiúrthóir an gearán a tharchur, cuirfear an gearánach ar an eolas trí fhógra i scríbhinn laistigh de 21 lá:

a) ón gcinneadh,

b) ó na cúiseanna atá leis an gcinneadh, agus

c) ó cheart an ghearánaigh an cinneadh a achomharc chuig an gCoiste laistigh de 21 lá ó dháta seirbheála an fhógra.

4.3 Cuirfidh an Cásoifigeach cóip den fhógra diúltaithe agus cóip den ghearán ar aghaidh chuig an múinteoir cláraithe is ábhar don ghearán.

4.4 Sa chás go bhfuil gearán á tharchur chuig an gCoiste ag an Stiúrthóir, cuirfidh an Cásoifigeach in iúl don mhúinteoir cláraithe, atá ina ábhar don ghearán agus cuirfidh sé cóip den ghearán faoi iamh (lena n-áirítear aon doiciméadú a ghabhann leis). Cuirfidh an Cásoifigeach cóip de na Nósanna Imeachta seo faoi iamh chomh maith, agus aon fhaisnéis nó treoir ábhartha eile maidir leis an bpróiseas gearán a d'fhéadfadh cabhrú leis an múinteoir

cláraithe.

4.5 Sa chás go gcuirtear gearán faoi bhráid an Choiste, tabharfaidh an Cásoifigeach cuireadh don mhúinteoir cláraithe aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an gCoiste. Féadfaidh an múinteoir cláraithe aighneachtaí a dhéanamh ar na hábhair tosaigh seo a leanas:

a) cibé an mbaineann an gearán lena bhfeidhmiúlacht chun múineadh; agus
b) cibé an bhfuil nósanna imeachta araíonachta scoile a bunaíodh faoi alt 24 den Acht Oideachais 1998[3] ídithe, agus mura bhfuil, cibé acu an bhfuil cúiseanna maithe agus leordhóthanacha ann chun dul ar aghaidh leis an ngearán a bhreithniú d'ainneoin na fírice sin.

4.6 I dteannta na nithe dá dtagraítear ag (a) agus (b) ag 4.5 thuas, féadfaidh an múinteoir cláraithe, ag an am céanna, agus tar éis cuireadh a fháil chuige sin, aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh maidir le hábhar an ghearáin lena n-áirítear an bhfuil cás *prima facie* ann chun gníomh breise a dhéanamh, dá dtagraítear in alt 42(9) den Acht. Cuirfear in iúl don mhúinteoir cláraithe má aontaíonn siad leis seo i scríbhinn roimh ré, agus má chreideann an Coiste go bhfuil dóthain faisnéise aige, féadfaidh an Coiste dul ar aghaidh ag a chruinniú tosaigh chun a chinneadh an bhfuil cás *prima facie* ann chun gníomh breise a dhéanamh, dá dtagraítear in alt 42(9) den Acht. Cuirfear an múinteoir cláraithe ar an eolas go ginearálta freisin go gcuirfear a n-aighneachtaí ar fáil don ghearánach sula ndéanfaidh an Coiste an gearán a bhreithniú, agus go dtabharfar deis don ghearánach freagra i scríbhinn a thabhairt.

4.7 Má aontaíonn an múinteoir cláraithe leis an gCoiste a chinneadh an bhfuil cás *prima facie* ann chun gníomh breise a dhéanamh ag a chruinniú tosaigh, cuirfear aon aighneacht a fhaightear ón múinteoir cláraithe ar fáil, go ginearálta, don ghearánach lena barúil a thabhairt, agus tabharfar aon fhreagra ón ngearánach don mhúinteoir cláraithe agus tabharfar deis don

[3] In Alt 28 den Acht Oideachais, 1998 éilítear ar an Aire Oideachais agus Scileanna nós imeachta gearán agus nósanna imeachta eile a bhunú do scoláirí agus do thuismitheoirí. Déantar tagairt dó i reachtaíocht na Comhairle Múinteoireachta maidir le feidhmiúlacht chun múineadh. Níor thug an tAire an t-alt seo i ngníomh go dtí seo, áfach.

mhúinteoir cláraithe aighneacht eile a dhéanamh sula ndéanfaidh an Coiste an gearán a bhreithniú.

4.8 Sa chás go ndéantar gearán a tharchur chuig an gCoiste, agus sula ndéanann an Coiste breithniú air, féadfaidh an Cásoifigeach faisnéis a lorg maidir le stádas nósanna imeachta araíonachta áitiúla chun cabhrú leis an gCoiste breithniú a dhéanamh i dtaobh an gceanglaítear air diúltú an gearán dá dtagraítear ag 5.2 thíos a bhreithniú.

4.9 Ina theannta sin, i gcás ina dtarchuirtear gearán chuig an gCoiste, féadfaidh an Cásoifigeach athbhreithniú tosaigh a dhéanamh ar an ngearán agus dréachtphlean cás a ullmhú chun go bhféadfaidh an Coiste breithniú a dhéanamh, ag a chéad chruinniú nó ag cruinniú amach anseo. Beidh an dréachtphlean cáis ina phlean chun an gearán a réamh-imscrúdú. Féadfaidh sé cuid nó gach ceann díobh seo a leanas a shainaithint (i dtéarmaí ginearálta nó sonracha):

a) faisnéis nó doiciméid atá le fáil,
b) daoine chun faisnéis nó doiciméid a sholáthar,
c) saineolaithe chun tuarascálacha a sholáthar,
d) scoileanna chun aighneachtaí a sholáthar,
e) cibé nithe eile is cosúil a bhaineann leis an ngearán.

4.10 Cuirfear an gearán ar fáil don Choiste (lena n-áirítear aon doiciméadú a ghabhann leis), gach aighneacht i scríbhinn a fhaightear, gach eolas a fhaightear maidir le stádas nósanna imeachta araíonachta áitiúla, aon dréachtphlean cáis, agus gach faisnéis agus doiciméad ábhartha eile.

## 5 Breithniú ag an gCoiste Imscrúdaithe

5.1 Is é an chéad cheist atá le breithniú ag an gCoiste ná an ndéanfar an méid dá dtagraítear san Acht mar “fhiosrúchán” a thionól ach, chun idirdhealú a dhéanamh idir é agus fiosrúchán os comhair phainéal den Choiste Araíonachta, déanfar tagairt dó ar fud na nósanna imeachta seo mar “réamh-imscrúdú”, i ndáil le gearán. Faoi réir mhír 5.2 thíos agus 5.3 thíos, cinnfidh an Coiste dul ar aghaidh chun réamh-imscrúdú a dhéanamh.

5.2 Diúltóidh an Coiste gearán a bhreithniú sa chás:

a) nach mbaineann an gearán le feidhmiúlacht múinteora chláraithe chun múineadh; nó

b) níor baineadh leas as nósanna imeachta a bunaíodh faoi alt 24 den Acht Oideachais 1998[4], ach amháin sa chás ina bhfuil cúiseanna maithe leordhóthanacha ann chun an gearán a bhreithniú d'ainneoin an méid sin.

5.3 Diúltóidh an Coiste gearán a bhreithniú freisin sa chás:

a) má chinneann sé seasamh le cinneadh an Stiúrthóra diúltú don ghearán, nó

b) má tá na nithe dá dtagraítear sa ghearán ann roimh thosach feidhme Chuid 5 den Acht, agus go bhfuil an Coiste den tuairim, de réir an Achta, nach bhfuil sé i dteideal an gearán a bhreithniú.

5.4 Sa chás inar gá, féadfaidh an Coiste tuilleadh faisnéise a lorg chun cabhrú leis tuairim a fhoirmiú ar na saincheisteanna dá dtagraítear i mír 5.2 agus 5.3 thuas.

5.5 Sa chás ina ndiúltaíonn an Coiste gearán a bhreithniú de réir mhír 5.2 nó 5.3 thuas, cuirfidh an Cásoifigeach an gearánach ar an eolas thar ceann an Choiste. Cuirfear an múinteoir cláraithe ar an eolas freisin. Sa chás go ndéantar cinneadh diúltú gearán a bhreithniú de réir mhír 5.2 thuas, cuirfear an cinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh in iúl don ghearánach trí fhógra i scríbhinn laistigh de 21 lá tar éis don Choiste an cinneadh a dhéanamh.

5.6 Sa chás go bhfuil an múinteoir cláraithe is ábhar don ghearán fostaithe ag scoil aitheanta, bord oideachais agus oiliúna nó ionad oideachais, nó i mbun teagaisc bhaile a sholáthar, nó fostaithe ag múineadh leanaí nó daoine leochaileacha, agus sa chás ina bhfuil céannacht fhostóir an mhúinteora ar eolas ag an gComhairle, breithneoidh an Coiste an bhfuil sé de dhualgais air fostóir an mhúinteora sin a chur ar an eolas faoin ngearán agus faoi chineál na himní *bona fide* atá ag an gCoiste, de réir alt 42(3A) agus (3B) den Acht.

5.7 Ar bhreithniú tosaigh a dhéanamh, agus ar gach breithniú ina dhiaidh sin ar

[4] [4] In Alt 28 den Acht Oideachais, 1998 éilítear ar an Aire Oideachais agus Scileanna nós imeachta gearán agus nósanna imeachta eile a bhunú do scoláirí agus do thuismitheoirí. Déantar tagairt dó i reachtaíocht na Comhairle Múinteoireachta maidir le feidhmiúlacht chun múineadh. Níor thug an tAire an t-alt seo i ngníomh go dtí seo, áfach.

ghearán, féadfaidh an Coiste a bhreithniú an bhféadfadh sé go mbeadh gá le clárú an mhúinteora chláraithe a chur ar fionraí láithreach ar mhaithe le leas an phobail. Má chreideann an Coiste gur gá é chuir ar fionraí láithreach, ordóidh sé go gcuirfear an t-ábhar ar aird na Comhairle (nó an Choiste Feidhmiúcháin má tá a chumhacht tarmligthe ag an gComhairle) ar an ábhar lena bhreithniú de bhun alt 47 den Acht.

5.8 Sa chás ina gcinnfidh an Coiste imscrúdú réamhchéime a dhéanamh, iarrfaidh sé ar an gComhairle iarratas a dhéanamh chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ar nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith an mhúinteora chláraithe i gcás ina measann an Coiste go bhfuil an gearán de chineál a fhágann gur cúis imní *bona fide* é le réasún go bhféadfaidh an múinteoir cláraithe:

i. dochar a dhéanamh d'aon leanbh nó do dhuine leochaileach,
ii. dochar a dhéanamh d'aon leanbh nó duine leochaileach,
iii. aon leanbh nó duine leochaileach a chur i mbaol díobhála,
iv. iarracht a dhéanamh dochar a dhéanamh d'aon leanbh nó duine leochaileach, nó
v. duine eile a ghríosú chun dochar a dhéanamh d'aon leanbh nó do dhuine leochaileach.

5.9 Má iarrann an Coiste nochtadh grinnfhiosrúcháin de réir mhír 5.8 thuas, féadfaidh an Coiste, chun críche a réamh-imscrúdaithe, an fhaisnéis atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin a bhreithniú a mhéid a bhaineann an fhaisnéis leis an iompar is ábhar don ghearán, de réir alt 42(7B) agus (7C) den Acht.

5.10 Sa chás ina gcinnfidh an Coiste imscrúdú réamhchéime a dhéanamh, féadfaidh sé, ag a chéad chruinniú (más iomchuí) nó ag aon chruinniú ina dhiaidh sin, cinneadh a dhéanamh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:

a) a threorú don Chásoifigeach aon cheann nó na gníomhartha uile a shainaithnítear sa phlean cáis agus/nó aon ghníomhartha eile a mheasann an Coiste a bheith iomchuí a dhéanamh
b) a cheangal ar an ngearánach aon rud atá sa ghearán a fhíorú
c) a iarraidh ar an ngearánach faisnéis bhreise a sholáthar trí dhearbhú reachtúil nó nach ea
d) a cheangal ar an ngearánach doiciméid a sholáthar
e) a cheangal ar an múinteoir cláraithe faisnéis nó doiciméid a

sholáthar

f) a cheangal ar aon scoil ina bhfuil nó ina raibh an múinteoir fostaithe nó ar aon duine eile a bhfuil cúis ag an gCoiste a chreidiúint go bhfuil faisnéis ábhartha ina sheilbh, faisnéis nó doiciméid a sholáthar don Choiste

g) comhairle nó cúnamh saineolach den sórt sin a mheasann sé is cuí a fháil

h) cuireadh a thabhairt d'aon scoil ina bhfuil nó ina raibh an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir cláraithe aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn

i) sa chás mí-oiriúnacht liachta líomhnaithe, iarraidh go gcuirfí fianaise liachta isteach, go ndéanfaí uiríll, go bhfreastalófaí ar scrúdú liachta nó go nglacfaí aon chéimeanna eile atá leagtha amach sna *Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Fianaise leighis a chur isteach, uiríll a dhéanamh agus freastal ar scrúdú leighis] 2015*

j) breithniú an ghearáin a chur ar atráth

k) a chinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil cás *prima face* ann chun gníomh breise a dhéanamh, agus má tá, an gearán a tharchur chuig an gCoiste Araíonachta

l) cibé gníomh eile is cuí leis an gCoiste a dhéanamh.

5.11 Mura gcinnfidh an Coiste an bhfuil cás *prima facie* ann a thabharfadh údar le tuilleadh gníomhaíochta ag an gcéad chruinniú, déanfaidh an Cásoifigeach gach gníomh a ordóidh an Coiste agus ullmhóidh sé/sí tuarascáil cháis ina mbeidh an gearán agus an comhfhreagras, na haighneachtaí, na tuarascálacha, na doiciméid, na huiríll agus an fhaisnéis uile a ordaigh an Coiste don Chásoifigeach a fháil. Féadfaidh bearta breise molta a bheith san áireamh sa tuarascáil cáis freisin atá le glacadh mar chuid den réamh-imscrúdú.

5.12 Seolfaidh an Cásoifigeach an tuarascáil cháis agus gach comhfhreagras, na haighneachtaí, na tuarascálacha, na doiciméid, na huiríll agus an fhaisnéis go léir a fuair an Coiste le linn a imscrúdaithe chuig an múinteoir cláraithe. Tabharfar tréimhse réasúnta ama don mhúinteoir cláraithe chun freagra a chur isteach i scríbhinn.

5.13 Ina dhiaidh sin, cuirfear an tuarascáil cháis agus aon fhreagra ar fáil don Choiste lena mbreithniú.

5.14 Tar éis dó an tuarascáil cháis a bhreithniú, féadfaidh an Coiste a threorú don Chásoifigeach tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh. Cuirfear aon fhaisnéis nó doiciméadacht bhreise a bhaileofar ar fáil don mhúinteoir cláraithe agus tabharfar tréimhse réasúnta ama chun freagra a chur isteach i scríbhinn. Má mheasann an Cásoifigeach gur gá é, féadfaidh siad tuarascáil nuashonraithe cáis a ullmhú, a thabharfar, mar aon le haon fhreagra, don Choiste lena breithniú.

5.15 Nuair atá an Coiste lán sásta go bhfuil dóthain faisnéise acu, nó nach dócha go nochtfaidh imscrúdú réasúnta breise ar an ngearán faisnéis bhreise a d'fhéadfadh difear substaintiúil a dhéanamh do chinneadh an Choiste, déanfaidh an Coiste cinneadh an bhfuil cás *prima facie* ann gníomh breise a dhéanamh. D'fhéadfaí an cinneadh seo a bhaint amach ag cruinniú tosaigh an Choiste (ach amháin i gcás nach n-aontaíonn an múinteoir cláraithe leis seo i scríbhinn roimh ré, mar a thagraítear dó i mír 4.6 thuas) nó ag aon chruinniú ina dhiaidh sin.

5.16 Déanfaidh an Coiste an méid seo a leanas:

a) i gcás ina bhfuil sé den tuairim go bhfuil cás *prima facie* ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil leis an ngearán, an gearán a tharchur, go hiomlán nó go páirteach, chuig an gCoiste Araíonachta, nó

b) i gcás ina bhfuil sé den tuairim nach bhfuil aon chás *prima facie* ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil le gearán, diúltú an gearán a tharchur chuig an gCoiste Araíonachta.

5.17 Déanfaidh an Coiste a chinneadh maidir le mír 5.16 a thaifeadadh i scríbhinn agus leagfaidh sé amach na cúiseanna leis an gcinneadh.

5.18 Déanfaidh an Cásoifigeach, tar éis treoir a fháil ón gCoiste, cóip den chinneadh a sholáthar laistigh de 21 lá ó chinneadh an Choiste, agus i gcás cinnidh nach bhfuil aon chás *prima facie* ann chun gníomh breise a dhéanamh, na cúiseanna atá leis an gcinneadh, don ghearánach, don mhúinteoir cláraithe agus i gcás an múinteoir a bheith fostaithe mar

mhúinteoir, dá bhfostóir.

## 6 Ginearálta

6.1 Ní chuirfidh neamhchomhlíonadh na Nósanna Imeachta aon imeachtaí ná bearta ar neamhní mura n-ordóidh an Coiste amhlaidh. Féadfar imeachtaí nó bearta den sórt sin a chur ar ceal go hiomlán nó go páirteach mar imeachtaí neamhrialta, nó féadfar iad a leasú nó

rachfar i ngleic leo i cibé slí nó ar cibé téarmaí is cuí leis an gCoiste.

6.2 Ní dhéanfaidh mír 6.1 difear do na ceanglais chun aon fhorálacha reachtúla a chomhlíonadh.

6.3 Déanfaidh an Coiste iarracht gearáin a bhainistiú chomh tapa agus is féidir, agus leasanna an cheartais agus aon srianta riaracháin á gcur san áireamh freisin.

6.4 Gníomhóidh an Coiste i gcónaí de réir phrionsabail na nósanna imeachta córa agus ar mhaithe le leas an phobail.

6.5 Féadfaidh an Chomhairle na Nósanna Imeachta a leasú ó am go ham.

6.6 Beidh feidhm ag na Nósanna Imeachta maidir le gach gearán atá á bhreithniú ag an gCoiste nó a bheidh á bhreithniú ag an gCoiste amach anseo, amhail an dáta déanta na Nósanna Imeachta.